2010

Sparánacht Réigiúnach Ionad Tyrone Guthrie

THE TYRONE GUTHRIE CENTRE

Create Louth

Tugann Údaráis Áitiúla Lú cuireadh d'ealaíontóirí de gach disciplín cur isteach ar Sparánacht a thabharfaidh cónaitheacht choicíse in Ionad Tyrone Guthrie, Eanach Mhic Dheirg, Co. Mhuineacháin do luacht a buaite. Beidh ar chumas na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo tionscadal ar leith a thabhairt chun críche i dtimpeallacht oibre nach bhfuil a macasamhail le fáil.

Níl aon fhoirm iarratais ann don sparánacht seo. Beidh sé cruthaithe ag an té a bhuafaidh an sparánacht go dtairbheoidh sé nó sí go mór ó chónaitheacht den sórt seo. Beidh fianaise curtha ar fáil aige/aici go bhfuil mórchuid gnóthaithe aici sa réimse lena mbaineann.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór don iarrthóir na nithe seo a leanas a sholáthar mar chuid den iarratas.

(a) *CV iomlán cothrom le dáta*

(b) *Lítir shínithe ag cur isteach ar an sparánacht, a mhíníonn an tslí a rachadh an dámhachtain chun tairbhe d'obair an iarrthóra, agus aon sonraí eile lena mbaineann.*

Cinnfear dátaí na cónaitheachta i gcomhairle idir an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi agus Ionad Tyrone Guthrie. Forchoimeádann Údaráis Áitiúla Lú an ceart gan an Sparánacht a bhronnadh, má chreideann sé gur mar seo ab fhearr a d'fhónfaí do leasa an Údaráis Áitiúil, na sparánachta agus na n-iarrthóirí.

Sparánacht amháin is ea a bhronnfaidh gach Oifig Ealaíon sa bhliain. Glacfar le hiarratais go dtí 4.30 tráthnóna, Dé hAoine an 24 Meán Fómhair, 2010.

Ní mór gach iarratas, beag beann ar sheoladh an iarrthóra i gContae Lú, a chur chuig: An Oifig Ealaíon, Comhairle Baile Dhún Dealgan, Halla an Bhaile, Sráid Crowe, Dún Dealgan, Contae Lú.